TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
ĆAPETA
arna tabhairt an 11 Meán Fómhair 2025 [1]

Cás C-196/24 [Aucrinde] [i]

xx
v
ww,
yy,
zz,
vv,
Páirtithe uamtha:
Ministère Public

(Iarraidh ar réamhrialú ó Tribunal Judiciaire de Chambéry (an Fhrainc))

(Iarraidh ar réamhrialú – Comhar breithiúnach idir cúirteanna na mBallstát in ábhair shibhialta agus thráchtála – Fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála – Corp a dhí-adhlacadh chun tuismíocht a bhunú – Tástáil ghéiniteach – Iarraidh ar fhianaise a thógáil a mheastar a bheith contrártha do phrionsabail bhunúsacha dhlí náisiúnta an Bhallstáit iarrtha – Forais chun diúltú d'iarraidh ar fhianaise a ghlacadh – Coinbhleacht idir cearta bunúsacha – Dínit an duine éagtha – Urraim don saol príobháideach agus do shaol an teaghlaigh – Céannacht phearsanta – An ceart ar fhaisnéis i leith bunús géiniteach an duine)

I. Réamhrá

1. Leis an iarraidh ar réamhrialú seo, iarrtar ar an gCúirt Rialachán (AE) 2020/1783 a léiriú, lena mbunaítear comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála i ndáil le fianaise a ghlacadh. [2]

2. Go sonrach, iarrtar ar an gCúirt a mheas den chéad uair an féidir brath ar rialacha reachtacha náisiúnta, a mheastar mar ábhar beartais phoiblí faoin dlí náisiúnta, mar fhoras chun diúltú d'fhorghníomhú iarrata ar fhianaise a ghlacadh arna seoladh ag cúirt Ballstáit amháin (an chúirt iarrthach) chuig cúirt Ballstáit eile (an chúirt iarrtha).

[1] Bunteanga: an Béarla.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

[2] Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát le linn fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála (fianaise a ghlacadh) (IO 2020 L 405, lch. 1) ('Rialachán 2020/1783'.)

3. Tháinig na ceisteanna os comhair na Cúirte Breithiúnais chun cinn i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha a tugadh os comhair Tribunale di Genova (an Chúirt Dúiche, Genova; 'an Chúirt Iodálach') chun atharthacht an iarratasóra a bhunú sa chás seo. Chuige sin, rinne an chúirt sin iarraidh ar tribunal judiciaire de Chambéry (Cúirt Chambéry, an Fhrainc), an chúirt a rinne an tarchur, fianaise a ghlacadh de bhun Rialachán 2020/1783 chun tuarascáil ghéiniteach shaineolach a chur i gcrích, rud is gá chun atharthacht a bhunú. Is éard atá i gceist le forghníomhú na hiarrata sin corp an athar toimhdean, arna chur sa Fhrainc, a dhí-adhlacadh agus sampla a thógáil ón gcorp is gá chun méarlorgaireacht ghéiniteach a dhéanamh.

II. Dlí an Aontais ábhartha

An Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh

4. Foráiltear mar a leanas in Airteagal 1 dar teideal 'Dínit an duine'

'Tá dínit an duine dosháraithe. Ní mór an dínit sin a urramú agus a chosaint.'

5. Foráiltear mar a leanas in Airteagal 7, dar teideal 'Meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh':

Tá ag gach duine an ceart go ndéanfar a shaol nó a saol príobháideach agus a shaol nó a saol teaghlaigh, a chónaí nó a cónaí agus a chumarsáidí nó a cumarsáidí a urramú.

Rialachán 2020/1783

6. Socraítear raon feidhme Rialachán 2020/1783 in Airteagal 1 de. Déantar idirdhealú ann idir fianaise a bheith á glacadh go hindíreach in Airteagal 1(1)(a) de, agus fianaise a bheith á glacadh go díreach in Airteagal 1(1)(b) de. Is mar seo a leanas an fhoclaíocht atá ar an bhforáil sin:

'1. Tá feidhm ag an Rialachán seo in ábhair shibhialta nó thráchtála ina n-iarrann cúirt Bhallstáit, i gcomhréir le dhlí an Bhallstáit sin:

(a) ar chúirt inniúil Bhallstáit eile fianaise a ghlacadh; nó

(b) go nglacfaí fianaise go díreach i mBallstát eile.

[…]'

7. Forálacha ginearálta atá in Airteagal 12 de Rialachán 2020/1783 maidir le hiarraidh a fhorghníomhú ar fhianaise a ghlacadh go hindíreach de bhun Airteagal 1(1)(a) den Rialachán sin. Is mar seo a fhoráiltear sna codanna ábhartha d'Airteagal 12:

'1. Déanfaidh an chúirt iarrtha an iarraidh a fhorghníomhú gan mhoill agus, ar a dhéanaí, laistigh de 90 lá tar éis an iarraidh a fháil.

2. Déanfaidh an chúirt iarrtha an iarraidh a fhorghníomhú i gcomhréir lena dlí náisiúnta.

3. Féadfaidh an chúirt iarrthach a iarraidh go ndéanfar an iarraidh a fhorghníomhú i gcomhréir le nós imeachta speisialta dá bhforáiltear ina dlí náisiúnta, trí úsáid a bhaint as foirm A in Iarscríbhinn I. Déanfaidh an chúirt iarrtha an iarraidh sin a fhorghníomhú i gcomhréir leis an nós imeachta speisialta ach amháin i gcás nach mbeadh sé ag luí lena dlí náisiúnta dá ndéanfaí amhlaidh nó i gcás nach bhfuil sí in ann déanamh amhlaidh mar gheall ar mhórdheacrachtaí praiticiúla. Mura gcomhlíonann an chúirt iarrtha an glao go ndéanfar an iarraidh a fhorghníomhú i gcomhréir le nós imeachta speisialta ar cheann de na cúiseanna sin, cuirfidh sí an chúirt iarrthach ar an eolas faoi sin trí úsáid a bhaint as foirm H in Iarscríbhinn I.

(…)'

8. Áirítear in Airteagal 16 de Rialachán 2020/1738 na forais faoinar féidir diúltú iarrataí ar fhianaise a ghlacadh go hindíreach de bhun Airteagal 1(1)(a) den Rialachán sin a dhiúltú. Óir nach mbaineann Airteagal 16(1) ach le hiarrataí ar dhuine a cheistiú, nach mbaineann le hábhar an cháis seo, is mar seo a leanas a fhoráiltear le hAirteagal 16(2):

'2. Ní fhéadfar diúltú le hiarraidh a fhorghníomhú ar fhorais seachas iad sin dá dtagraítear i mír 1 ach i gcás ina bhfuil feidhm ag ceann amháin nó níos mó de na forais seo a leanas:

(a) ní thagann an iarraidh faoi raon feidhme an Rialacháin seo;

(b) ní thagann forghníomhú na hiarrata faoi raon feidhme na mbreithiúna faoi dhlí Bhallstát na cúirte iarrtha;

(c) ní chomhlíonann an chúirt iarrthach iarraidh na cúirte iarrtha an iarraidh ar ghlacadh fianaise a chur i gcrích de bhun Airteagal 10 laistigh de 30 lá tar éis don chúirt iarrtha iarraidh uirthi sin a dhéanamh; nó

(d) ní dhéantar éarlais nó réamhíocaíocht arna hiarraidh i gcomhréir le hAirteagal 22(3) laistigh de 60 lá tar éis don chúirt iarrtha éarlais nó réamhíocaíocht den sórt sin a iarraidh.

9. Baineann Airteagal 19 de Rialachán 2020/1783 le fianaise a ghlacadh go díreach mar a fhoráiltear dó in Airteagal 1(1)(b) de. Áirítear na forais le hiarraidh dá leithéid a dhiúltú in Airteagal 19(7), arb é seo a leanas fhoclaíocht:

'7. Ní fhéadfaidh comhlacht lárnach ná údarás inniúil an Bhallstáit diúltú d'iarraidh ar fhianaise a ghlacadh go díreach ach amháin más fíor an méid seo a leanas:

(a) ní thagann sí faoi raon feidhme an Rialacháin;

(b) níl an fhaisnéis uile is gá dá dtagraítear in Airteagal 5 inti; nó

(c) glacadh díreach na fianaise a iarradh, tá sé contrártha do phrionsabail bhunúsacha an dlí ina Bhallstát.

Rialachán Uimh. 1206/2001[3]

10. Athmhúnlú é Rialachán 2020/1783 ar Rialachán Uimh. 1206/2001.

11. Is iad Airteagail 1, 10, 14 agus 17 na forálacha ábhartha de Rialachán Uimh. 1206/2001, a fhreagraíonn d'Airteagail 1, 12, 16 agus 19 de Rialachán 2020/1783.

12. Dá réir sin, tá an cásdlí a bhaineann le Rialachán Uimh. 1206/2001 ábhartha chomh maith don léiriú atá le tabhairt ar na forálacha de Rialachán 2020/1783 atá le cur i bhfeidhm sa chás seo.

III. Na fíorais sna príomhimeachtaí, na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú agus an nós imeachta os comhair na Cúirte Breithiúnais

13. Thug an t-iarratasóir sa chás seo, xx, imeachtaí os comhair Tribunale di Genova, (an Chúirt Dúiche Shibhialta, Genova) chun a shuí gurb é aa, atá éagtha agus curtha sa Fhrainc, a athair bitheolaíoch.

14. Iarrann an t-iarratasóir ar an gcúirt sin (i) dearbhú gurb é mac neamhdhlisteanach aa é, (ii) údarú chun ainm a athar a úsáid, agus (iii) ordú go ndéanfaidh an cláraitheoir inniúil an breithiúnas a bheidh ann amach anseo a iontráil sa taifead nuair a thagann sé chun bheith críochnaitheach.

15. Rinne na cosantóirí sna príomhimeachtaí, ar leanaí dlisteanacha iad de chuid aa, agóid i gcoinne na dtástálacha is gá a dhéanamh chun tuarascáil haemaiteolaí a dhéanamh chun a chinneadh an bhfuil tréithe géiniteacha ag an iarratasóir atá ar aon dul le tréithe géiniteacha na gcosantóirí. Ina ionad sin, d'iarr siad go ndéanfaí scrúdú géiniteach ar chorp a n-athair nach maireann. Dá bhrí sin, d'ordaigh an chúirt Iodálach tuarascáil shaineolach ó haemaiteolaí agus cheap sí saineolaí chun comparáid ghéiniteach a dhéanamh idir an t-iarratasóir agus corp an athar toimhdean nuair a dhí-adhlacadh é.

16. An 18 Samhain 2022, sheol an chúirt Iodálach iarraidh ar dhí-adhlacadh chorp an athar toimhdean, de bhun Rialachán 2020/1783, trí úsáid a bhaint as foirm A, mar a fhoráiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, chuig an gcúirt a rinne an tarchur.

17. Mar sin féin, faoin Code civil (Cód Sibhialta na Fraince), ní féidir le breitheamh dí-adhlacadh coirp a ordú chun sampla géiniteach a fháil d'fhonn tuismíocht a bhunú, ach amháin má thug an duine éagtha a thoiliú sainráite le linn a shaoil.

18. Foráiltear leis an bhforáil ábhartha de Chód Sibhialta na Fraince (an Cód Sibhialta), Airteagal 16-11 de,[4] don mhéid seo a leanas:

'Ní fhéadfar sainaithint duine a lorg trí mhéarlorg DNA ach amháin sna cásanna seo a leanas:

[3] Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 an 28 Bealtaine 2001 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát le linn fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála, IO L 174, 2001, lch. 1 ('Rialachán Uimh. 1206/2001').

[4] Tugadh an fhoráil sin isteach i gCód Sibhialta na Fraince ar bhonn Airteagal 5, I, 1 de loi nº 2004-800 du 6 août 2004 relative à la bioéthique (Dlí Uimh. 2004-800 an 6 Lúnasa 2004 maidir le Bitheitic; 'an Dlí maidir le Bitheitic'). Mar a thug an Coimisiún Eorpach faoi deara, ar dá réir nach bhfuil aon toimhde ann go raibh toiliú ann sampláil ghéiniteach a dhéanamh ar dhuine éagtha, ba fhreagairt reachtach é an dlí sin ar dhí-adhlacadh an amhránaí cháiliúil Yves Montand i mí na Samhna 1997, chun a atharthacht a bhunú ar dhuine a mhaígh gurbh í a iníon í. Sin é an fáth, de réir tráchtaireacht ar Décision nº 2011-173 QPC du 30 septembre 2011 (Cinneadh Uimh 2011-173 QPC an 30 Meán Fómhair 2011) ón Conseil Constitutionnel (an Chúit Bhunreachtúil, an Fhrainc), go dtugtar 'leasú Montand' ar an leasú seo uaireanta.

1° I gcomhthéacs bearta imscrúdaitheacha a dhéantar le linn imeachtaí breithiúnacha;

2° Chun críocha taighde leighis nó eolaíoch;

3° Chun céannacht daoine éagtha a shuíomh, nuair nach eol sin;

4° Faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal L. 2381-1 den code de la défense [(an Cód Cosanta)];

5° Chun dópáil a chomhrac, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal L. 232-12-2 den code du sport [(Cód Spóirt)].

In ábhair shibhialta, ní fhéadfar sainaithint den sórt sin a lorg ach amháin trí bheart imscrúdaithe a fhorghníomhú arna ordú ag cúirt a dtugtar caingean os a comhair chun tuismíocht a bhunú nó a chonspóid, nó chun fóirdheontais a fháil nó a bhaint. Ní mór toiliú an duine lena mbaineann a fháil go sainráite agus roimh ré. Ní féidir sainaithint a dhéanamh trí mhéarlorg DNA a dhéanamh tar éis bhás duine mura rud é gur thug an duine sin a thoiliú sainráite le linn a shaoil.

[…]'

19. Ina theannta sin, mar a chuir Rialtas na Fraince isteach, meastar gur ábhar beartais phoiblí í an chaibidil iomlán de Chód Sibhialta na Fraince lena mbaineann an fhoráil sin, de bhua Airteagal 16-9 den Chód sin.

20. Sna himthosca sin, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur ar cheart Airteagal 12(2) de Rialachán 2020/1783 a fhorléiriú mar Airteagal lena gceadaítear do chúirt diúltú d'iarraidh ar fhianaise a ghlacadh a fhorghníomhú i gcás ina meastar go bhfuil iarraidh den sórt sin contrártha do phrionsabail bhunúsacha dhlí Bhallstát na cúirte iarrtha.

21. Thug an chúirt a rinne an tarchur dá haire go liostaítear go huileghabhálach in Airteagal 16 de na forais chun diúltú Rialachán 2020/1783 a chur i bhfeidhm, agus dá bhrí sin, ní fhoráiltear in Airteagal 12 d'fhoras breise chun diúltú an rialachán sin a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, chuir an chúirt sin in iúl go raibh imní uirthi freisin go gciallaíonn léiriú den sórt sin ar Airteagal 12 nach bhfuil aon choimirce ann i gcoinne iarrataí atá le forghníomhú faoi nósanna imeachta nach gcomhlíonann caighdeáin dhlí an Aontais,[5] go háirithe Airteagal 1 agus Airteagal 7 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

22. Sna himthosca sin, chinn an chúirt a rinne an tarchur bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an Chúirt Bhreithiúnais:

'(1) An gceadaítear le hAirteagal 12 de [Rialachán 2020/1783] do chúirt náisiúnta diúltú don Rialachán atá i gceist a chur i bhfeidhm agus an iarraidh sin ón Stát iarrthach a chomhlíonadh, ar an bhforas go mbeadh foirm na hiarrata contrártha do phrionsabail bhunúsacha dhlí náisiúnta an Stáit iarrtha, go háirithe Airteagal 16-11 den Chód Sibhialta?

[5] Féach mír 90 den Ordú tarchuir.

(2) Má dhéantar cur i bhfeidhm Airteagal 12 de [Rialachán 2020/1783] a chur i bhfeidhm gan féachaint don dlí náisiúnta, conas ba cheart Airteagail 1 (an ceart chun dínite) agus 7 (an ceart go n-urramófar an saol príobháideach) den [Chairt] a léiriú agus a chur in iúl chun a chinneadh an sáraítear nó nach sáraítear [an Chairt] [le cur i bhfeidhm an Rialacháin sin]?'

23. Chuir an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, Rialtas na Fraince agus an Coimisiún Eorpach barúlacha i scríbhinn faoi bhráid na Cúirte.

24. Tionóladh éisteacht an 29 Aibreán 2025 ina ndearna Rialtas na Fraince agus an Coimisiún argóint ó bhéal.

IV. Anailís

A. Réamhbharúlacha – scagadh ar na ceisteanna a tharchuirtear

25. D'fhonn comhairle úsáideach a chur ar fáil don Chúirt, measaim gur gá na ceisteanna a tarchuireadh a mhiondealú chun tuiscint níos fearr a fháil ar ábhair imní na cúirte a rinne an tarchur.

26. Leis an gcéad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bunúsach an féidir léi *diúltú* d'fhorghníomhú na hiarrata, a rinneadh de bhun Rialachán 2020/1783, lena n-iarrtar sampláil ghéiniteach iarbháis ar dhuine a cuireadh sa Fhrainc chun tuismíocht a bhunú, ós rud é go dtoirmisctear le Cód Sibhialta na Fraince fianaise den sórt sin a ghlacadh murar thug an duine lena mbaineann a thoiliú agus é beo.

27. Dar leis an gcúirt sin, ní féidir diúltú iarraidh a fhorghníomhú ar bhonn Airteagal 12, ós rud é go leagtar amach liosta uileghabhálach de na forais chun diúltú d'iarraidh den sórt sin in Airteagal 16 de Rialachán 2020/1783, agus nach n-áirítear an beartas poiblí intíre ina measc. Mar sin féin, is mian leis an gcúirt a rinne an tarchur a fhíorú an féidir foras den sórt sin a thuiscint mar fhoras a thagann faoi raon feidhme Airteagal 12(2) de Rialachán 2020/1783.

28. Ina bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, áitíonn Rialtas na Fraince nach iarraidh ar fhianaise a ghlacadh go hindíreach atá san iarraidh ó chúirt na hIodáile, de réir Airteagal 1(1)(a) de Rialachán 2020/1783, rud a chiallaíonn nach bhfuil Airteagal 12 de ábhartha don chás atá i gceist. Dar leis an rialtas sin, iarrtar leis an iarraidh sin fianaise a ghlacadh go díreach, de réir Airteagal 1(1)(b) de Rialachán 2020/1783, rud a chiallaíonn go bhfuil feidhm ag Airteagal 19 de. Ba cheart, dar leis an rialtas sin, an chéad cheist a athfhoirmliú, chun léiriú ar Airteagal 19 de Rialachán 2020/1783 a iarraidh.

29. Baineann an tábhacht a bhaineann le léiriú den sórt sin don chás seo leis an bhféidearthacht go ndiúltódh cúirt iarrtha iarraidh ar fhianaise a ghlacadh go díreach a fhorghníomhú más rud é go mbeadh glacadh díreach fianaise den sórt sin contrártha do phrionsabail bhunúsacha an dlí sa Bhallstát iarrtha, mar a chuirtear in iúl in Airteagal 19(7)(c) de Rialachán 2020/1783. Mar sin féin, níl aon fhoras coibhéiseach ann chun diúltú d'iarraidh ar fhianaise a ghlacadh go hindíreach.

30. Chun an chéad cheist a fhreagairt, beidh sé riachtanach, dá bhrí sin, a mheas ar dtús an bhfuil feidhm iarbhír ag Airteagal 12 de Rialachán 2020/1783 sa chás seo, rud nach mbeadh amhlaidh ach amháin dá mba iarraidh ar fhianaise a ghlacadh go hindíreach a bhí san iarraidh atá i gceist.

31. Tá dara ceist na cúirte a rinne an tarchur beagán níos casta. Ag glacadh leis nach féidir Airteagal 16-11 de Chód Sibhialta na Fraince a chur i bhfeidhm chun sampláil ghéiniteach iarbháis aa a dhiúltú, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur freisin an mbeadh forghníomhú na hiarrata ó chúirt na hIodáile ina shárú ar an gCairt. Go sonrach, tagraíonn an chúirt sin do na naisc idir Airteagail 1 agus 7 den Chairt. Dá bhrí sin, is é a fhiafraíonn sí ná conas a fhaightear an cothrom idir an ceart chun dínit an choirp dhaonna agus an ceart chun a bheith ar an eolas faoi chúlra an duine in iúl faoin gCairt.

32. Mar a moladh ag an éisteacht, fiafraítear go bunúsach sa dara ceist, dá bhrí sin, an bhfuil dlí ábhartha na hIodáile lena gceadaítear do bhreithiúna sampláil ghéiniteach iarbháis a ordú chun tuismíocht a bhunú, gan beann ar cé acu ar thug nó nár thug an tuismitheoir toimhdean toiliú roimh ré le linn a shaolré, i gcomhréir leis an gCairt.

33. Mar sin féin, san Ordú tarchuir, ní chuireann an chúirt a rinne an tarchur aon ábhar imní in iúl maidir le comhréireacht dhlí ábhartha na hIodáile leis an gCairt. Ina ionad sin, míníonn an chúirt sin go gcabhródh an freagra ar an dara ceist léi a chinneadh an bhfuil Airteagal 16-11 de Chód Sibhialta na Fraince ag luí leis an gCairt.

34. Ní thagann an cheist maidir le comhoiriúnacht Airteagal 16-11 de Chód Sibhialta na Fraince leis an gCairt chun cinn ach amháin má tá an riail sin infheidhme sa chás seo chun an iarraidh ar fhianaise a ghlacadh a dhiúltú. Ní féidir a mheas an mbeadh an t-iarratas sin i gcomhréir leis an gCairt ach amháin tar éis a shuí gur féidir Airteagal 16-11 a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, tríd an dara ceist a fhreagairt, is é sin, faoin toimhde go n-eisiatar le hAirteagal 12(2) agus Airteagal 16 de Rialachán 2020/1783 cur i bhfeidhm Airteagal 16-11 de Chód Sibhialta na Fraince mar fhoras chun diúltú d'iarratas ar fhianaise a ghlacadh, bheadh an cheist maidir le comhoiriúnacht na rialach sin leis an gCairt hipitéiseach toisc nach bhfuil an riail sin infheidhme maidir le fíorais an cháis.

35. Measaim, dá bhrí sin, nach féidir leis an gCúirt an dara ceist a fhreagairt ach amháin más féidir an cheist sin a thuiscint mar cheist lena bhfiafraítear an gá an Chairt a léiriú ar bhealach atá comhsheasmhach le léamh ar Rialachán 2020/1783 ar bhealach nach gcuirtear cosc léi ar chúirt na hIodáile iarraidh a dhéanamh ar fhianaise a ghlacadh, arb é atá ann sampláil ghéiniteach iarbháis, faoi imthosca an cháis seo.

36. Mar mhalairt air sin, má thugann an Chúirt freagra dearfach ar an gcéad cheist, rud a cheadódh don chúirt a rinne an tarchur brath ar a rialacha náisiúnta beartais phoiblí chun diúltú d'fhorghníomhú na hiarrata ar ghlacadh fianaise, ba cheart an dara ceist a chur ar bhealach eile. Sa chás sin, ba cheart a thuiscint go n-iarrtar leis an dara ceist ar cheart an Chairt a léiriú sa chaoi go gceadaítear le rialacha náisiúnta sampláil ghéiniteach iarbháis a ghlacadh ar thoiliú sainráite an duine le linn a shaoil.

B. An chéad cheist

37. Lena céad cheist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gceadaítear le hAirteagal 12(2) de Rialachán 2020/1783 di diúltú d'iarraidh ar fhianaise a ghlacadh go hindíreach a fhorghníomhú ar an bhforas go bhfuil an nós imeachta a shonraítear san iarraidh sin contrártha do phrionsabail bhunúsacha dhlí náisiúnta an Bhallstáit iarrtha.

1. Fianaise a ghlacadh go hindíreach nó go díreach

38. Mar a míníodh, d'áitigh Rialtas na Fraince gur iarraidh ar fhianaise a ghlacadh go díreach seachas go hindíreach a bhí san iarraidh ó chúirt na hIodáile, agus sa chás sin ní bheadh Airteagal 12 de Rialachán 2020/1783 infheidhme; ina ionad sin, bheadh Airteagal 19 de mar fhoráil ábhartha.

39. Is é an difríocht fhíorasach idir fianaise a ghlacadh go hindíreach (a shainmhínítear in Airteagal 1(1)(a) de Rialachán 2020/1783) agus glacadh díreach na fianaise (mar a shainmhínítear in Airteagal 1(1)(b) de Rialachán 2020/1783) an nglacann daoine faoi dhlínse na cúirte iarrtha nó daoine atá faoi dhlínse na cúirte iarrthaí an fhianaise. Sa chás deireanach sin, glacann na daoine sin féin fianaise i mBallstát eile, trí, mar shampla, taisteal go críoch Ballstáit iarrtha agus finné a cheistiú. [6]

40. Is faoi na comhlachtaí atá freagrach as cumarsáid a dhéanamh agus as glacadh fianaise a údarú atá an difríocht sa nós imeachta idir an dá chineál fianaise. Nuair a dhéantar iarraidh ar fhianaise a ghlacadh go hindíreach, téann an chúirt iarrthach i dteagmháil go díreach leis an gcúirt iarrtha. Déanann an chúirt sin cinneadh ansin maidir leis na modhanna chun an fhianaise a iarradh a ghlacadh i gcomhréir lena dlí féin. Ina theannta sin, tá iarrataí den sórt sin le seoladh trí úsáid a bhaint as foirm A, atá i gceangal le Rialachán 2020/1783. Ar an taobh eile, chun fianaise a ghlacadh go díreach, ní mór don chúirt iarrthach cead a fháil ón gcomhlacht lárnach nó ón údarás inniúil, a cheanglaítear ar gach Ballstát a ainmniú i gcomhréir le Rialachán 2020/1783. [7] Cuirtear iarraidh den sórt sin ar aghaidh trí úsáid a bhaint as foirm L, atá i gceangal leis an Rialachán sin.

41. Ina theannta sin, i gcás iarrataí ar fhianaise a ghlacadh go hindíreach, déantar an nós imeachta faoina nglactar an fhianaise de réir rialacha intíre na cúirte sin. [8] De bhrí, i gcás iarrataí ar fhianaise a ghlacadh go díreach, go nglactar an fhianaise i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear le dlí Stát na cúirte iarrthaí.

42. Ar deireadh, agus go suntasach don chás seo, tá difríocht idir na forais chun diúltú d'iarraidh ar fhianaise a ghlacadh ag brath ar cé acu atá nó nach bhfuil sé le glacadh go hindíreach nó go díreach. Murab ionann agus glacadh indíreach fianaise, féadfar glacadh díreach fianaise a dhiúltú ar fhorais imní maidir le beartas poiblí an Bhallstáit iarrtha. De réir Airteagal 19(7)(c) de Rialachán 2020/1783, is féidir diúltú má tá glacadh díreach na fianaise a iarradh contrártha do phrionsabail bhunúsacha an dlí sa Bhallstát sin.

43. Ní mhínítear i Rialachán 2020/1783 cad é an chúis atá leis go bhfuil forais éagsúla chun iarrataí a dhiúltú ag gabháil leis an dá chineál glactha fianaise. [9] Mar sin féin, mar a d'áitigh an Coimisiún, is dócha go bhfuil údar maith leis an réasúnaíocht maidir le raon feidhme níos leithne chun diúltú d'iarraidh ar fhianaise a ghlacadh go díreach mar gheall ar a chineál cunórach ar

[6] Faoi Rialachán 2020/1783, is féidir duine a éisteacht go díreach freisin gan taisteal chuig Ballstát eile, trí bhíthin físchomhdhála. Féach Airteagal 20 de Rialachán 2020/1783.

[7] Airteagal 4 de Rialachán 2020/1783.

[8] Airteagal 12(2) agus aithris 17 de Rialachán 2020/1783.

[9] Ní féidir míniú den sórt sin a fháil sna doiciméid ina bhfuil stair reachtach an ghnímh sin ach oiread.

cheannasacht an Stáit iarrtha. [10] I gcás fianaise a ghlacadh go díreach, iarrtar ar an Stát iarrtha cead a thabhairt do dhaoine ón mBallstát iarrthach ar a chríoch imscrúdú a dhéanamh, a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chumhachtaí an Bhallstáit ina ndéantar é. [11]

44. Mar sin féin, fiú i gcás ina bhfuil glacadh díreach fianaise i gceist, is cosúil go bhfuil an foras a leagtar síos in Airteagal 19(7)(c) de Rialachán 2020/1783 maidir le diúltú d'iarrataí bunaithe ar phrionsabail bhunúsacha dhlí an Stáit iarrtha teoranta. Mar a mhol roinnt scoláirí dlí, níl feidhm ag foras den sórt sin ach amháin maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfadh an chúirt iarrthach an beart imscrúdaitheach a fhorfheidhmiú go díreach, agus ní maidir le substaint an bhirt imscrúdaithigh. Dá bhrí sin, fiú dá bhféadfaí glacadh díreach fianaise a mheas a bheith contrártha do phrionsabail bhunúsacha Ballstáit iarrtha, ní chuirfeadh sé sin bac go huathoibríoch ar an bhféidearthacht an fhianaise sin a ghlacadh go hindíreach. Sa chás sin, féadfaidh an t-údarás lárnach iarraidh ar an gcúirt iarrthach fós an t-ábhar a tharchur chuig cúirt inniúil an Stáit iarrtha. [12]

45. Ar iarr cúirt na hIodáile sa chás seo go nglacfaí fianaise go hindíreach nó go díreach?

46. Ar an gcéad dul síos, seoladh an iarraidh go díreach chuig an gcúirt a rinne an tarchur, agus ní chuig comhlacht lárnach na Fraince. [13]

47. Ar an dara dul síos, seoladh an iarraidh ar fhoirm A, a úsáideadh chun fianaise a ghlacadh go hindíreach. Mar sin féin, ní gá go gcuireann sé sin bac ar an bhféidearthacht go n-úsáidfeadh an chúirt iarrthach an fhoirm mhícheart, agus go raibh sé beartaithe aici iarraidh a dhéanamh go hiarbhír ar fhianaise a ghlacadh go díreach.

48. Is gá, dá bhrí sin, ar an tríú dul síos, measúnú a dhéanamh ar a bhfuil iarrtha ag an gcúirt iarrthach, go díreach.

49. Dar liomsa, ní mór roinnt beart a dhéanamh chun an fhianaise is gá a fháil chun tuismíocht a bhunú sa chás seo. Ar an gcéad dul síos, ní mór an corp a dhí-adhlacadh. Ar an dara dul síos, ní mór sampla a thógáil ón gcorp sin chun críche méarlorgaireachta géinitíí. Ar an tríú dul síos, ní mór anailís a dhéanamh ar an sampla sin. Ar an gceathrú dul síos, ní mór an sampla a ndearnadh anailís air a chur i gcomparáid leis an sampla a tógadh ón iarratasóir.

50. Cuireadh Foirm A, ar seoladh an iarraidh ina leith, faoi bhráid na Cúirte mar chuid den chomhad náisiúnta. Is léir ón bhfoirm sin gur iarr an chúirt iarrthach ar an gcúirt iarrtha dí-adhlacadh an choirp a ordú. Ar ndóigh, áfach, ní féidir leis an dí-adhlacadh féin a bheith ina fhianaise de réir bhrí Rialachán 2020/1783, agus dá bhrí sin ní hé cuspóir na hiarrata é.

[10] Ag an éisteacht, mhínigh an Coimisiún an difríocht idir an dá mhodh chun fianaise a ghlacadh ar bhonn trasteorann toisc gur lú an rialú atá ag dlínsí an Stáit iarrtha i gcás glacadh díreach fianaise. D'áitigh sí, ar an gcúis sin, sa chaibidlíocht maidir leis an modh forghníomhaithe sin, gur áitigh na Ballstáit ar an rud ar thug an Coimisiún 'clásal ceannasachta' air, rud a cheadódh dóibh diúltú cead a thabhairt do shaineolaithe na mBallstát eile fiosrúcháin a dhéanamh sa Bhallstát iarrtha atá contrártha le bunphrionsabail dhlíchóras an Stáit iarrtha.

[11] Dá bhrí sin, i mbreithiúnas an 21 Feabhra 2013, *ProRail* (C-332/11, EU:C:2013:87, mír 47 agus mír 48), mheas an Chúirt, a mhéid nach mór don saineolaí a d'ainmnigh cúirt Ballstáit dul chuig Ballstát eile chun an t-imscrúdú a cuireadh de chúram air a dhéanamh, a d'fhéadfadh, in imthosca áirithe, difear a dhéanamh do chumhachtaí an Bhallstáit ina ndéantar an t-imscrúdú, go háirithe nuair is imscrúdú é a dhéantar in áiteanna a bhaineann le feidhmiú na gcumhachtaí sin nó in áiteanna a bhfuil rochtain nó gníomhartha eile toirmiscthe nó teoranta do dhaoine áirithe, faoi dhlí an Bhallstáit ina ndéantar an t-imscrúdú.

[12] Féach Mougenot, D., 'Le règlement européen sur l'obtention des preuves', *Journal des Tribunaux*, 2002, lch. 21, agus Nuyts, A., Sepulchre, J., 'Taking of evidence in the European Union under EC Regulation 1206/2001', *Business Law International*, 2004, lch. 334.

[13] Sa Fhrainc, is é sin an Roinn um chúnamh frithpháirteach, dlí idirnáisiúnta príobháideach agus dlí an Aontais (Département de l'entraide, du droit international privé et européen) de chuid na hAireachta Dlí agus Cirt.

51. Is sampla géiniteach é an fhianaise a tógadh ón gcorp dí-adhlactha. Níl sé go hiomlán soiléir ó fhoirm A mar a comhdaíodh í, cé a thógann na samplaí ón gcorp. D'iarr an chúirt iarrthach cead ar shaineolaí, an duine céanna a chuirfeadh na samplaí i gcomparáid ina dhiaidh sin, a bheith i láthair agus an sampla á thógáil ón gcorp. Mar sin féin, is féidir le páirtithe agus ionadaithe na cúirte iarrthaí a bheith i láthair le linn fianaise a ghlacadh go hindíreach.[14] Dá bhrí sin, ní chiallaíonn láithreacht an tsaineolaí faoi dhlínse na cúirte iarrthaí go bhfuil an fhianaise á glacadh go díreach. Féadfar dhá léiriú a bheith ar an bhfoclaíocht a úsáideann an chúirt iarrthach i bhfoirm A: go raibh sí ag iarraidh go dtógfadh an saineolaí Iodálach an sampla go díreach nó go mbeadh sé i láthair le linn ghlacadh na fianaise amháin.[15] Dar liomsa, fiú dá nglacfadh an saineolaí Iodálach an sampla go fisiciúil, bheadh an ghníomhaíocht sin fós déanta faoi rialú agus faoi fhreagracht ionadaithe na cúirte iarrtha, agus dá bhrí sin d'fhéadfaí é a thuiscint fós mar ghlacadh indíreach fianaise. In aon chás, níor iarr an chúirt a rinne an tarchur aon soiléiriú ón gcúirt iarrthach, agus dealraíonn sé gur thuig sí an iarraidh mar iarraidh ar fhianaise a ghlacadh go hindíreach.

52. Mar thoradh ar na himthosca roimhe seo, thángthas ar an gconclúid gur iarr an chúirt iarrthach go nglacfaí fianaise go hindíreach.[16] Dá bhrí sin, tá Airteagal 12 ábhartha chun measúnú a dhéanamh an bhfuil sé de cheart ag an gcúirt a rinne an tarchur sna príomhimeachtaí diúltú don iarraidh ar fhianaise a ghlacadh a rinneadh faoi Rialachán 2020/1783.

2. Léiriú ar Airteagal 12 de Rialachán 2020/1783

53. De réir Airteagal 12(1) de Rialachán 2020/1783, *ní mór* don chúirt iarrtha an iarraidh a fhorghníomhú gan mhoill agus, ar a dhéanaí, laistigh de 90 lá ón iarraidh a fháil. Déanfar forghníomhú ar an iarraidh sin, mar a bheartaítear le hAirteagal 12(2) den rialachán sin, *i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrtha*.

54. An féidir Airteagal 16-11 de Chód Sibhialta na Fraince a thuiscint mar 'dhlí náisiúnta' de réir bhrí Airteagal 12(2) de Rialachán 2020/1783? Más féidir, an féidir leis an bhforáil sin údar a thabhairt le diúltú na hiarrata ar fhianaise a ghlacadh?

55. Dar leis an gCoimisiún, is é cuspóir Airteagal 12(2) de Rialachán 2020/1783 a lua go gcinntear le dlí na cúirte iarrtha na modhanna *nós imeachta* ar dá réir a ghlacfar an fhianaise.

56. Aontaím leis an gCoimisiún.

57. Tacaítear leis an léiriú sin le foclaíocht Airteagal 12(2) de Rialachán 2020/1783, nuair a bhreithnítear é i gcomhthéacs níos leithne na forála sin, lena stair reachtach, agus níos tábhachtaí fós, le loighic agus le creat tipiciúil na n-ionstraimí aitheantais fhrithpháirtigh, arna nglacadh faoi Theideal V de Chonradh FAE.

[14] Féach, mar shampla, an Gréasán Breithiúnach Eorpach, '(Provisional) updated practice guide for the application of the regulation on the taking of evidence', 2025, lch. 46, ar fáil ar: https://e-justice.europa.eu/topics/trainings-judicial-networks-and-agencies/european-judicial-network-civil-and-commercial-matters/ejns-publications_en.

[15] I bpointe 11.1 de Fhoirm A (tuairisc ar an mbeart atá le déanamh), luaitear an méid seo a leanas: DÍ-ADHLACADH AN CHOIRP [aa], a d'éag in [XY] agus a cuireadh in [XY], agus SCRÚDÚ DÍREACH AR FHIANAISE ag [XY] de chuid na hInstitiúide um Leigheas Dlíthiúil Genova, arb é atá ann SAMPLAÍ BITHEOLAÍOCHA A BHAINT ATÁ RIACHTANACH LE hAGHAIDH COMHAIRLIÚCHÁIN THEICNIÚIL OIFIG NA dTRÉITHE GÉINITEACHA COMPARÁIDEACHA idir an t-iarratasóir xx agus corp an athar toimhdean aa.

[16] Más rud é nach léiriú ceart é sin, is faoin gcúirt náisiúnta atá sé cinneadh a dhéanamh, ba cheart don chúirt sin an iarraidh a chur ar aghaidh chuig údarás lárnach na Fraince, agus is faoin údarás sin atá sé cinneadh a dhéanamh an gceadaítear don saineolaí Iodálach samplaí géiniteacha a thógáil go díreach tar éis dí-adhlacadh nó nach gceadaítear. Dá mba amhlaidh an cás, d'fhéadfadh an cheist maidir le léiriú Airteagal 19(7)(c) de Rialachán 2020/1783 teacht chun cinn.

58. Ag tosú leis an bhfoclaíocht ina comhthéacs láithreach, tugaim faoi deara ar an gcéad dul síos go gcuireann Airteagal 12(3) de Rialachán 2020/1783 ar chumas na cúirte iarrthaí a iarraidh ar an gcúirt iarrtha an fhianaise a ghlacadh i gcomhréir le nós imeachta speisialta, dá bhforáiltear i ndlí náisiúnta Stát na cúirte iarrthaí. Léirítear leis sin go bhforordaítear leis an bhfrása 'dlí náisiúnta' a úsáidtear in Airteagal 12(2) de Rialachán 2020/1783 an nós imeachta chun fianaise a ghlacadh, ós rud é gurb é cuspóir Airteagal 12(3) athrú ar an nós imeachta is infheidhme a cheadú – ó dhlí na cúirte iarrtha go dlí na cúirte iarrthaí – cé go bhfuil an fhianaise fós á glacadh ag an gcúirt iarrtha.

59. Ag bogadh go dtí stair na reachtaíochta, fuair Rialachán Uimh. 1206/2001 agus Rialachán 2020/1783 ina dhiaidh sin inspioráid ó Choinbhinsiún na Háige ar fhianaise a ghlacadh. [17] Dá bhrí sin, is féidir an Coinbhinsiún sin a úsáid chun forálacha na Rialachán sin a léiriú. [18]

60. Dar le hAirteagal 9(1) den Choinbhinsiún sin: 'Cuirfidh an t-údarás breithiúnach a fhorghníomhaíonn Litir Iarrata a dhlí féin i bhfeidhm *maidir leis na modhanna agus na nósanna imeachta* a bheidh le leanúint.' [19]

61. Dá bhrí sin, níl foclaíocht Airteagal 9(1) de Choinbhinsiún na Háige ar fhianaise a ghlacadh chomh débhríoch maidir lena raon feidhme le hAirteagal 12(2) de Rialachán 2020/1783, ós rud é go dtagraítear go sainráite ann do na modhanna agus do na nósanna imeachta. [20]

62. Dá bhrí sin, tá sé inchreidte teacht ar an gconclúid, mar a mhol an Coimisiún, agus nár bhréagnaigh Rialtas na Fraince, nach bhfuil feidhm ag Airteagal 12(2) de Rialachán 2020/1783 ach amháin maidir le hábhair mhodheolaíochta agus nós imeachta a bhaineann le fianaise a ghlacadh. Dá bhrí sin, ní rialaítear ach na hábhair sin le dlí náisiúnta an Bhallstáit iarrtha, cé go rialaítear na hábhair shubstainteacha, amhail an fhianaise is incheadaithe chun fíorais áirithe a chruthú, le dlí an Stáit iarrthaigh.

63. Dá bhrí sin, an cheist an bhfuil gá le cineálacha áirithe fianaise a ordú i gcomhthéacs nós imeachta breithiúnach sonrach agus an gcomhlíonann iarraidh den sórt sin cosaint na gceart bunúsach, is ceist í atá le measúnú ag an gcúirt iarrthach i gcomhréir lena dlí féin – sa chás seo, dlí na hIodáile – agus ní le dlí an Stáit iarrtha. Ós riail shubstainteach den sórt sin é Airteagal 16-11 de Chód Sibhialta na Fraince, lena gcuirtear in iúl *in abstracto* cothromaíocht arna roghnú ag reachtas na Fraince idir an ceart ar fhaisnéis i leith bunús an duine agus an ceart go n-urramófaí corp an duine, níl sé infheidhme maidir leis an iarraidh ó chúirt na hIodáile, a gcinntear an chothromaíocht iomchuí ina leith le dlí na hIodáile.

64. Fiú más fíor nach bhfuil sé sin curtha in iúl go soiléir i Rialachán 2020/1783, leanann sé ó struchtúr an ghnímh sin go n-ordaíonn an chúirt iarrthach fianaise a ghlacadh, agus dá bhrí sin is uirthi atá an fhreagracht. Is amhlaidh sin go loighciúil, ós rud é nach féidir ach leis an gcúirt sin,

[17] Coinbhinsiún na Háige an 18 Márta 1970 ar fhianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála thar lear ('Coinbhinsiún na Háige ar fhianaise a ghlacadh').

[18] Mar a dhearbhaigh an Chúirt cheana féin i mbreithiúnas an 17 Feabhra 2011, Weryński (C-283/09, EU:C:2011:85, mír 65). Féach freisin Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Kokott in Weryński (C-283/09, EU:C:2010:490, mír 60).

[19] Béim curtha leis.

[20] Féach, mar shampla, Réamhdhoiciméad Uimh. 6 Nollaig 2008 le tabhairt ar aird ag an gCoimisiún Speisialta i mí Feabhra 2009 maidir le hoibriú praiticiúil Choinbhinsiúin Apastaile na Háige, Seirbhíse, Fianaise agus Rochtain ar Cheartas, 'The Taking of Evidence by Video-Link under the Hague Evidence Convention'. Agus Airteagal 9(1) á phlé, tagraítear sa doiciméad sin d'fhianaise a ghlacadh trí nasc físe mar shampla de chur i bhfeidhm praiticiúil na forála sin.

agus fíricí uile an cháis ar eolas aici, measúnú a dhéanamh, ar bhonn a dlí náisiúnta, ar an bhfianaise is gá agus an féidir leis na cúiseanna leis an bhfianaise sin a bhailiú údar a thabhairt le cearta áirithe a shrianadh. [21]

65. Tá Rialachán 2020/1783 bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, prionsabal atá mar bhonn agus mar thaca ag na hionstraimí uile maidir le comhar breithiúnach arna nglacadh faoi Chonradh FAE, lena n-áirítear comhar breithiúnach in ábhair shibhialta nó thráchtála. [22]

66. Tá prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh bunaithe ar an muinín fhrithpháirteach i measc na mBallstát go n-urramaíonn a n-institiúidí faoi seach na luachanna agus na cearta bunúsacha mar a chosnaítear le dlíchóras an Aontais. [23] Ar bhonn an phrionsabail sin, ní mór don chúirt iarrtha muinín a bheith aici nach sáraíonn cinneadh ón gcúirt iarrthach, agus an dlí náisiúnta ar a bhfuil sé bunaithe, cearta bunúsacha mar a chosnaítear leis an gCairt. Ní féidir leis an gcúirt sin, i bprionsabal, dlíthiúlacht chinneadh na cúirte iarrthaí a cheistiú, ach ní mór di gníomhú amhail is dá mbeadh sé bailí, agus, dá bhrí sin, ní mór di an iarraidh sin a fhorghníomhú. Is amhlaidh atá, fiú má tá an réiteach faoi dhlí an Stáit iarrthaigh éagsúil leis an réiteach faoi dhlí an Stáit iarrtha. Má tá agóid le déanamh i gcoinne bailíocht dhlíthiúil cinnidh den sórt sin, ní mór é a dhéanamh os comhair na cúirte iarrthaí, atá freagrach as comhréireacht an chinnidh sin le cearta bunúsacha a áirithiú.

67. Tá creat comhchosúil ag ionstraimí eile atá bunaithe ar phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh: saincheisteanna substainteacha a bhaineann leis an iarraidh ar chomhar trasteorann, baineann siad leis an gcúirt eisiúna/iarrthaigh agus lena dlíchóras, ach is faoin gcúirt fhorghníomhaitheach/iarrtha agus faoina dlíchóras atá an nós imeachta chun iarraidh den sórt sin a fhorghníomhú. Ag an am céanna, cuirtear srian leis na forais chun iarraidh ar chomhar trasteorann a dhiúltú agus áirítear go cuimsitheach iad leis an ngníomh atá i gceist.

68. Dá bhrí sin, mar shampla, leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach (OIE) a bhfuil cuspóir comhchosúil aige le Rialachán 2020/1783, ach a bhaineann le comhar trasteorann i réimse an dlí choiriúil, foráiltear freisin, i bprionsabal, gur ar an gcúirt eisiúna atá an fhreagracht as cinntí substainteacha a bhaineann le fianaise a bhailiú, cé go rialaítear an nós imeachta chun an fhianaise sin a bhailiú iarbhír le dlí na cúirte forghníomhaithí. [24] Tá dáileadh comhchosúil freagrachtaí le fáil freisin i Rialachán OIPE. [25]

69. Dá bhrí sin, is í an chúirt eisitheach, nó i bhfoclaíocht an cháis seo, an chúirt iarrthach, i bprionsabal, atá freagrach as cearta bunúsacha a chosaint i ndáil le cinneadh substainteach fianaise a ghlacadh. Mar sin féin, chun cosaint na gceart bunúsach a ráthú, mar a chosnaítear le dlíchóras an Aontais, chinn an Chúirt Bhreithiúnais, ina ainneoin sin, gur féidir leis an gcúirt

[21] Féach, de réir analaí, ach maidir le Rialachán (AE) 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála (IO 2012 L 351, lch. 1), breithiúnas an 21 Márta 2024, *Gjensidige* (C-90/22, EU:C:2024:252, mír 46).

[22] Féach Airteagail 67(4) agus 81(2) CFAE. Féach freisin Tuairim 2/13 (*Aontachas an Aontais Eorpaigh le ECHR*) an 18 Nollaig 2014 (EU:C:2014:2454, mír 191) ('Tuairim 2/13'). Is amhlaidh atá, fiú mura ndéantar tagairt prionsabal sin i Rialachán 2020/1783. Féach, maidir leis an Rialachán Uimh. 1206/2001 a bhí ann roimhe seo, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Jääskinen in *ProRail* (C-332/11, EU:C:2012:551, mír 48), ina n-áitíonn sé go bhfuil an ionstraim sin bunaithe ar mhuinín fhrithpháirteach. Dheimhnigh an Chúirt go bhfuil prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh bunaithe ar chomhar idir cúirteanna in ábhair shibhialta agus thráchtála. Féach, mar shampla, breithiúnas an 25 Bealtaine 2016, *Meroni* (C-559/14, EU:C:2016:349, mír 47).

[23] Tuairim 2/13, mír 168 agus 192.

[24] Féach Airteagail 6 agus 9 de Threoir 2014/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla (IO 2014 L 130, lch. 1) ('Treoir OIE').

[25] Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO 2017 L 283, lch. 1) ('Rialachán OIPE'). Féach breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *G.K. agus páirtithe eile (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh)* (C-281/22, EU:C:2023:1018, mír 71).

fhorghníomhaitheach/iarrtha amhras a chaitheamh ar dhlíthiúlacht na hiarrata ar chomhar breithiúnach i gcásanna eisceachtúla. [26] Fuarthas gurbh ann d'imthosca eisceachtúla den sórt sin i gcás ina raibh fadhbanna sistéamacha ann maidir le cearta bunúsacha a urramú i gcóras dlí na cúirte eisiúna/iarrthaí arb eol don chúirt fhorghníomhaitheach/iarrtha iad. I gcás den sórt sin, déantar tástáil dhá chéim, ina ndéanann an chúirt fhorghníomhaitheach/iarrtha measúnú ar dtús an bhfuil fadhb shistéamach ann maidir le cearta bunúsacha a urramú i ndlíchóras na cúirte eisiúna/iarrthaí, agus, má tá, ní mór don chúirt a fhíorú ansin an bhfuil baol ann go sárófar cearta duine ar leith. [27] Ní fhéadfaidh an comhlacht breithiúnach forghníomhaitheach diúltú an iarraidh ar chomhar trasteorann a fhorghníomhú ach amháin má chomhlíontar an dá choinníoll.

70. Níl aon bhonn le forais bhreise chun diúltú d'iarraidh ar ghlacadh fianaise a thuiscint ó Airteagal 12 de Rialachán 2020/1783 anuas ar na himthosca eisceachtúla sin.

71. Sa chás seo, ní líomhnaíonn aon cheann de na rannpháirtithe saincheisteanna sistéamacha i ndlíchóras na hIodáile. Ina theannta sin, níor cheistigh aon duine de na rannpháirtithe sa nós imeachta dlíthiúlacht chinneadh chúirt na hIodáile trína n-iarrann sí go nglacfaí fianaise. Sna himthosca sin, níl aon chúis ann go ndiúltódh an chúirt iarrtha de chuid na Fraince diúltú an iarraidh a fhorghníomhú, ach amháin má fhaightear go bhfuil ceann de na forais a áirítear go sainráite in Airteagal 16 de Rialachán 2020/1783 ann.

72. Tá foclaíocht Airteagal 16(2) den rialachán sin an-soiléir agus é á chur in iúl gur liosta uileghabhálach é an liosta cásanna atá ann a thugann údar le diúltú d'fhorghníomhú iarrata ar fhianaise a ghlacadh. [28] Úsáidtear an fhoclaíocht 'ní fhéadfar diúltú... ach [i gcás...]', agus ansin sonraítear ceithre chás. [29]

73. Tá sé deimhnithe cheana féin ag an gCúirt go bhfuil gá le léiriú docht ar na heisceachtaí sin, as a n-eascraíonn an chonclúid nach féidir iarraidh den sórt sin a dhiúltú ach amháin sna cásanna a liostaítear san fhoráil sin. [30]

74. Leis an gcéad eisceacht, ceadaítear do chúirt iarrtha iarraidh a dhiúltú i gcás nach dtagann an iarraidh sin faoi raon feidhme Rialachán 2020/1783. I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gur mhínigh an Chúirt go bhfuil saoirse ag an gcúirt iarrthach comhar dlíthiúil idirnáisiúnta a iarraidh laistigh de chreat dlíthiúil atá éagsúil leis an gcreat dlíthiúil a bunaíodh le Rialachán 2020/1783. [31] Is faoin gcúirt iarrthach atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcreat dlíthiúil a roghnú.

75. Sa chás seo, dealraíonn sé gur roghnaigh an chúirt iarrthach Rialachán 2020/1783 mar an creat dlíthiúil is infheidhme, toisc gur sheol sí an iarraidh trí úsáid a bhaint as foirm A dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin.

[26] Féach, i gcomhthéacs Chinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir na Ballstáit (IO 2002 L 190, lch. 1) ('Cinneadh Réime BGE'), breithiúnas an 29 Meitheamh 2017, *Popławski* (C 579/15, EU:C:2017:503, mír 19 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[27] D'fhógair an Chúirt féidearthacht den sórt sin den chéad uair i mbreithiúnas an 5 Aibreán 2016, *Aranyosi agus Căldăraru*, C-404/15 agus C-659/15 PPU, EU:C:2016:198, míreanna 88 agus 91 go 93), agus dheimhnigh arís is arís eile ó shin í.

[28] Ní bhaineann Airteagal 16(1) de Rialachán 2020/1783, ina luaitear na forais le diúltú freisin, ach le fianaise a ghlacadh trí fhinné a cheistiú agus níl sé infheidhme sa chás seo.

[29] Ina theannta sin, luaitear in aithris 16 de Rialachán 2020/1783 gur cheart na himthosca inar féidir diúltú d'fhorghníomhú iarrata ar fhianaise a ghlacadh a theorannú do chásanna eisceachtúla atá teoranta go docht.

[30] Breithiúnas an 17 Feabhra 2011, *Weryński* (C-283/09, EU:C:2011:85, mír 53).

[31] Féach, breithiúnas an 21 Feabhra 2013, *ProRail* (C-332/11, EU:C:2013:87, mír 44 go mír 46).

76. Is léir nach bhfuil na trí riocht eile infheidhme in imthosca an cháis seo, rud nár chonspóid aon pháirtí sna himeachtaí seo.

77. Ar bhonn an mhéid sin roimhe seo, ní mór teacht ar an gconclúid nach bhfuil Airteagal 16-11 de Chód Sibhialta na Fraince infheidhme maidir le cinneadh a dhéanamh an féidir diúltú don iarraidh ar fhianaise a ghlacadh go hindíreach. Is amhlaidh atá fiú má mheastar, faoi dhlí na Fraince, gur ábhar beartais phoiblí í an riail sin.

C. An dara ceist

78. I bhfianaise an fhreagra a mhol mé ar an gcéad cheist a tarchuireadh, ar dá réir nach mór don chúirt iarrtha an iarraidh ar fhianaise a ghlacadh go hindíreach a fhorghníomhú, d'ainneoin riail náisiúnta an bheartais phoiblí lena dtoirmisctear fianaise den sórt sin a ghlacadh, ní féidir an dara ceist ón gcúirt a rinne an tarchur, mar a míníodh ag tús na hanailíse sin (faoi A), a thuiscint mar cheist ina bhfiafraítear an gcuireann an Chairt toirmeasc ar léiriú ar Rialachán 2020/1783 ar dá réir is féidir fianaise ghéiniteach a ghlacadh iarbháis chun críocha atharthacht a bhunú gan beann ar cé acu a thug nó nár thug an duine toiliú roimh ré le linn a shaoil.

79. Cuireann an chúirt a rinne an tarchur an cheist i gcomhthéacs cothromaíocht a bhaint amach idir na cearta faoi seach a chumhdaítear in Airteagail 1 agus 7 den Chairt. Sa dara ceist ón gcúirt a rinne an tarchur, tagraítear d'Airteagal 1 mar an fhoráil lena gcosnaítear an ceart chun dínit an duine atá ag corp an duine, fiú tar éis an bháis, agus tagraítear d'Airteagal 7 mar an fhoráil lena gcosnaítear an ceart ar fhaisnéis i leith bunús an duine, a ráthaítear mar chuid den cheart chun príobháideachais.

80. Ón tuiscint atá agam ar an gcás seo, níl an sárú ar Airteagal 1 den Chairt i gceist, ar a laghad, sa chiall atá aige maidir le cineál *daingean* an chirt chun dínit an duine. Ceistítear leis an gcás seo, áfach, a mhéid a chosnaítear leis an gCairt, ar thaobh amháin, an ceart ar fhaisnéis i leith bunús an duine, ar cosúil go dtugann cúirt na hIodáile tosaíocht dó trína hiarraidh ar fhianaise a ghlacadh go hindíreach, agus, ar an taobh eile, an ceart go n-urramófaí corp an duine tar éis an bháis, a ndealraíonn sé go bhfuil luach níos mó ag baint leis i ndlí na Fraince ná dlí na hIodáile.

81. Is é is aidhm don cheist, mar a eascraíonn sí as an gcás seo, a shoiléiriú an bhfuil an chothromaíocht idir an dá cheart nó na leasanna sin, as ar eascair, faoi dhlí na hIodáile, iarraidh ar dhí-adhlacadh an chomhlachta chun críocha samplála géinití chun atharthacht a bhunú, inghlactha faoin gCairt.

82. Déanfaidh mé mo chuid anailíse trína iarraidh, ar an gcéad dul síos, an gcosnaítear an ceart ar fhaisnéis i leith bunús an duine leis an gCairt, ar an dara dul síos, an gcosnaítear ceart go n-urramófaí corp an duine tar éis an bháis léi, agus ar deireadh an gcuirtear cosc léi ar chothromaíocht idir an dá cheart sin mar a tharla faoi dhlí na hIodáile.

83. Sula dtabharfaidh mé faoin anailís sin, ní mór dom a mhíniú, dar liom, nach gceadaítear don chúirt iarrtha, i bprionsabal, comhréireacht chinneadh chúirt na hIodáile leis an gCairt a cheistiú, sa chóras atá bunaithe ar aitheantas frithpháirteach. Chun urraim do chearta bunúsacha a chosaint, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann don duine a bhfuiltear ag líomhain a chearta a bheith á sárú agóid a dhéanamh i gcoinne chinneadh na cúirte Iodálaí agus ba cheart an agóid sin a thabhairt laistigh de chóras leigheasanna breithiúnacha na hIodáile. Sa chás seo, áfach, níl an duine a bhfuil a leasanna i gceist i measc na ndaoine atá ina mbeatha, agus níor chuir a theaghlach, sa chás seo, a leanaí dlisteanacha, a bhféadfadh leas a bheith acu agóid a dhéanamh i

gcoinne dhí-adhaint agus shampláil ghéiniteach a athar, ina choinne, ach d'iarr sé go dtógfaí fianaise ó chorp a athar. Mar sin, táim den tuairim, de bharr imthosca an cháis seo, gur cheart don Chúirt Bhreithiúnais an dara ceist a chuir an chúirt a rinne an tarchur a fhreagairt.

1. An ceart ar fhaisnéis i leith bunús an duine faoin gCairt

84. Aithníodh go sainráite, den chéad uair, an ceart ar fhaisnéis i leith bunús géiniteach an duine i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh,[32] agus ina dhiaidh sin sa Choinbhinsiún um Chosaint Leanaí agus um Chomhar i leith Uchtála idir Tíortha.[33] Ní luaitear an ceart sin go sainráite sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR), ach d'aithin an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR) é mar cheart intuigthe bunaithe ar Airteagal 8 de.

85. Ní raibh an deis ag an gCúirt go fóill an ceart sin a léiriú i gcomhthéacs dhlí an Aontais. Ar bhonn Airteagal 52(3) den Chairt, áfach, a mhéid a chuimsíonn an Chairt seo cearta a fhreagraíonn do chearta arna ráthú ECHR, is ionann nó is forleithne an bhrí agus an raon feidhme a bheidh ag na cearta sin agus an bhrí agus an raon feidhme atá leagtha síos leis an gCoinbhinsiún sin.

86. Freagraíonn Airteagal 7 den Chairt d'Airteagal 8 de ECHR. Dá bhrí sin, ba cheart don Chúirt an ceart ar fhaisnéis i leith bunús géiniteach an duine faoin gCairt a léiriú tríd an gcaoi a ndearna ECtHR Airteagal 8 de ECHR a léiriú a chur san áireamh.

87. D'aithin an chúirt sin an ceart eolas a bheith ag duine ar bhunús an duine mar chuid den cheart chun sonraí faoi chéannacht an duine a shuí mar dhuine aonair in *Gaskin* v. *an Ríocht Aontaithe*.[34] Mhínigh an chúirt sin freisin, in *Mikulić* v. *an Chróit*, gur gné thábhachtach d'fhorbairt na féiniúlachta aonair é an tuismíocht a chinneadh. Go deimhin, dúirt an chúirt go bhfuil leas ríthábhachtach ag leanaí, a chosnaítear faoi ECHR, chun an fhaisnéis is gá a fháil chun an fhírinne a nochtadh maidir le gnéithe tábhachtacha dá gcéannacht phearsanta, a bhféadfadh impleachtaí láidre foirmitheacha a bheith acu ar bhraistint céannachta duine aonair.[35] Bliain tar éis an bhreithiúnais sin, luaigh ECtHR go sainráite, in *Odièvre* v. *an Fhrainc*, go bhfuil ceart ag daoine eolas a bheith acu faoina mbunús, rud a eascraíonn as raon feidhme an tsaoil phríobháidigh.[36]

[32] Coinbhinsiún um Chearta an Linbh an 20 Samhain 1989 (*Sraith Conarthaí na Náisiúin Aontaithe*, Iml. 1577, Uimh. 31922, lch. 167 (1995)).

[33] An Coinbhinsiún um Chosaint Leanaí agus Comhar i leith Uchtála idir Tíortha an 29 Bealtaine 1993, *Sraith Conarthaí na Náisiúin Aontaithe*, Iml. 1870, Uimh. 31922, lch. 167 (1995)).

[34] ECtHR, Tuarascáil ó Choimisiún ECHR an 13 Samhain 1987, *Gaskin* v. *an Ríocht Aontaithe* (CE:ECHR:1987:1113REP001045483, § 89).

[35] ECtHR, Breithiúnas an 7 Feabhra 2002, *Mikulić* v. *an Chróit* (CE:ECHR:2002:0207JUD005317699, § 64). Féach, i ndáil leis sin, anailís arna déanamh ag Blauwhoff, R.J., 'Tracing down the historical development of the legal concept of the right to know the one's origin. Has "to know or not to know" ever been the legal question?', *Utrecht Law Review*, Iml. 4, eagrán 2, 2008, lch. 107.

[36] ECtHR, Breithiúnas an 13 Feabhra 2003, *Odièvre* v. *an Fhrainc* (CE:ECHR:2003:0213JUD004232698, mír 44). Chun anailís a dhéanamh ar chóras dlí na hIodáile agus an ceart ar fhaisnéis i leith bunús géiniteach an duine, féach Praduroux, S. 'The right to know one's genetic origins: 'A Right in Need of Regulation', *The Italian Law Journal*, Iml. 7, Uimh. 2, 2021, lgh. 803 go 820.

88. Mar sin féin, luaigh an chúirt sin freisin nach ceart daingean é an ceart sin, nach mór é a chothromú i gcásanna sonracha i gcoinne cearta bunúsacha eile tríú páirtithe agus leas an phobail, agus dá bhrí sin, tá corrlach breithmheasa áirithe ag na Ballstáit. [37]

89. In *Jäggi* v. *an Eilvéis*, d'athdhearbhaigh ECtHR go bhfuil nasc idir ceart an iarratasóra a bheith ar an eolas faoina bhunús géiniteach agus an ceart chun céannachta a chosnaítear faoi Airteagal 8 de ECHR. [38] Go sonrach, sa bhreithiúnas sin, rinne an chúirt cothromaíocht idir an ceart ar fhaisnéis i leith bunús géiniteach an duine agus an ceart go n-urramófaí an duine marbh. Mhínigh sí nach dtagann laghdú ar leas duine aonair a bheith ar an eolas faoina bhunús géiniteach de réir aoise. [39]

90. Níos déanaí in *Pascaud* v. *an Fhrainc*, chinn ECtHR, agus an ceart chun eolas a bheith aige ar bhunús an duine á athdhearbhú aici, gur theip ar údaráis na Fraince breithniú a dhéanamh ar cheart Pascaud a bheith ar an eolas faoina thuismíocht le seasamh leordhóthanach ós rud é nár chuir an dlí náisiúnta aon bhealach dlíthiúil ar fáil le haghaidh tástáil iarbháis toisc nach raibh gaolta beo in ann toiliú a fháil, rud a d'fhág nach raibh aon leigheas éifeachtach ag an iarratasóir chun a chéannacht a shuí. [40]

91. Dá bhrí sin, bunaithe ar chásdlí ECtHR maidir le hAirteagal 8 de ECHR, ar cheart don Chúirt a úsáid chun Airteagal 7 den Chairt a léiriú bunaithe ar Airteagal 52(3) di, is féidir liom teacht ar an gconclúid gur ceart don Chúirt Bhreithiúnais an ceart ar fhaisnéis i leith bunús géiniteach an duine a aithint. Ag an am céanna, áfach, ní ceart daingean é an ceart sin, ach is féidir é a theorannú, cé gur gá cothromaíocht a bhaint amach idir an ceart sin agus cearta agus leasanna eile na dtríú páirtithe uile lena mbaineann, lena n-áirítear an ceart go n-urramófaí corp an duine tar éis an bháis.

2. An ceart chun corp an duine éagtha a urramú

92. Sa dara ceist, chuir an chúirt a rinne an tarchur an ceart chun bheith ar an eolas faoi bhunús an duine faoi Airteagal 7 den Chairt ar thaobh amháin agus ar an taobh eile, an ceart chun dínit an duine, arna chosaint faoi Airteagal 1 den Chairt.

93. I gcásdlí Conseil constitutionnel na Fraince (an Chomhairle Bhunreachtúil), tá údar leis an gceart go n-urramófaí corp an duine tar éis an bháis a fháil ón gceart chun dínit an duine. In dhá bhreithiúnas, in 2011 agus 2024, chinn an chúirt sin go léirítear le hAirteagal 16-11 de Chód Sibhialta na Fraince mian reachtas na Fraince go n-urramófaí corp an duine tar éis an bháis mar gheall ar dhínit an duine. Dheimhnigh an chúirt sin bunreachtúlacht na rogha reachtaí sin in ainneoin go gcuireann sí isteach ar an gceart chun a bheith ar an eolas faoi chéannacht an duine. [41]

[37] ECtHR, 15 Samhain 2016, *Dubská agus Krejzová v. Poblacht na Seice* (CE:ECHR:2016:1115JUD002885911, §§ 178 go 179). Mhínigh an chúirt sin, i bprionsabal, go mbraitheann an corrlach breithmheasa a cheadaítear do Stát ar thábhacht chearta an duine aonair atá i gceist. Má tá an ceart ríthábhachtach do dhlúthchearta nó do phríomhchearta duine aonair, tá an corrlach cúng. Mar sin féin, mura bhfuil aon chomhdhearcadh i measc thíortha na hEorpa maidir leis an tsaincheist, agus má ardaíonn sé ceisteanna morálta nó eiticiúla, tá an corrlach níos leithne.

[38] ECtHR, an 13 Iúil 2006, *Jäggi* v. *an Eilvéis* (CE:ECHR:2006:0713JUD005875700, § 25).

[39] ECtHR, an 13 Iúil 2006, *Jäggi* v. *an Eilvéis* (CE:ECHR:2006:0713JUD005875700, § 40).

[40] ECtHR, an 16 Meitheamh 2011, *Pascaud* v. an Fhrainc (CE:ECHR:2011:0616JUD001953508, mír 67).

[41] Féach Décision nº 2011-173 QPC du 30 septembre 2011 (Cinneadh ón Conseil constitutionnel (an Chomhairle Bhunreachtúil) Uimh. 2011-173 QPC an 30 Meán Fómhair 2011) agus Décision nº 2024-1110 QPC du 31 octobre 2024 (Cinneadh ón Conseil constitutionnel (an Chomhairle Bhunreachtúil) Uimh. 2024-1110 QPC an 31 Deireadh Fómhair 2024.

94. Mar sin féin, tá an ceart chun dínit an duine faoi chosaint Airteagal 1 den Chairt mar cheart daingean, [42] agus dá bhrí sin ní féidir é a chothromú le cearta eile. [43]

95. Os a choinne sin, níor cheart an ceart go n-urramófaí corp an duine tar éis an bháis, fiú má thuigtear gur léiriú é ar luach dhínit an duine, [44] a cháiliú mar cheart daingean a chosnaítear le hAirteagal 1 den Chairt. Sna córais dlí lena gcosnaítear ceart den sórt sin, is féidir [45] é a theorannú má tá gá leis an teorannú sin chun cearta eile nó leasanna poiblí a chosaint. Sa Fhrainc, mar a mhínigh Rialtas na Fraince, ní ceart daingean í dínit chorp an duine tar éis an bháis. [46]

96. Conas is féidir tuiscint a fháil ar an nasc idir an ceart chun dínit an duine atá ag corp an duine, rud is féidir teorainn a chur leis, do dhínit an duine, ar ceart daingean é nuair a thuigtear gur ceart bunúsach é faoin gCairt?

97. Luaitear sna Mínithe a bhaineann leis an gCairt maidir le hAirteagal 1 di, ceart bunúsach ann féin is ea dínit an duine; ní hamháin sin ach is í is bonn, dáiríre, do na cearta bunúsacha. [47]

98. Sa chiall sin, d'fhéadfaí cearta áirithe eile atá sa Chairt, amhail an ceart chun measa ar an saol príobháideach (a chuirtear in iúl in Airteagal 7 den Chairt), an ceart chun beatha (a chuirtear in iúl in Airteagal 2 den Chairt), nó an ceart chun saoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil (a chuirtear in iúl in Airteagal 11 den Chairt) a thuiscint mar léirithe níos nithiúla ar dhínit an duine mar phrionsabal a chuirtear in iúl sa Chairt agus mar luach a chuirtear in iúl in Airteagal 2 CAE. Níl na léirithe sin ar dhínit an duine daingean, [48] agus is féidir iad a theorannú más gá sin chun aidhmeanna dlisteanacha eile a bhaint amach nó chun cearta bunúsacha coibhneasta eile a chosaint.

99. Mar sin féin, mura féidir údar a thabhairt le srian ar cheart lena léirítear dínit an duine, ní mór a mheas go bhfuil dínit an duine, mar a chosnaítear le hAirteagal 1 den Chairt, á sárú. [49] Is féidir teacht ar an gconclúid sin ar bhonn na Mínithe ar an gCairt, ar dá réir atá dínit an duine ina cuid

[42] Ciallaíonn an coincheap ceart 'daingean' go mbeidh forlámhas i gcónaí ag an gceart sin ar aon cheart eile, is é sin le rá, nach féidir é a chothromú le cearta eile i gcásanna sonracha. Sin é an fáth ar fearr le húdair áirithe an ceart chun dínit an duine a mheas mar cheart coibhneasta seachas daingean. Féach, mar shampla, Alexy, R., 'Human Dignity and Proportionality Analysis', *Espaço Jurídico Journal of Law*, Iml. 16, Uimh. 3, 2015, lch. 83.

[43] Fiú má mheasann formhór na gcóras bunreachtúil lena gcosnaítear go sainráite an ceart chun dínit an duine, gur roghnaigh an Chairt, ar an gcaoi chéanna le Bunreacht na Gearmáine, caitheamh leis an gceart chun dínit an duine mar cheart daingean. Ba é an toradh a bhí ar chosaint iomlán dhínit an duine a roghnú in ord bunreachtúil na Gearmáine ná an bhrí chúng agus an raon feidhme cúng a shannadh don cheart sin. Sa mhéid sin, féach Grimm,D., 'Dignity in a Legal Context: Dignity as an absolute right', in McCrudden, C. (eag), *Understanding Human Dignity*, (Proceedings of the British Academy: Themed volumes of essays in the humanities and social sciences, Iml. 192), lch. 381.

[44] Maidir leis an difríocht idir an ceart daonna mar luach agus mar cheart, féach Barak, A., 'Human Dignity: The constitutional value and the constitutional rights', in McCrudden, C. (eag.), *Understanding Human Dignity* (Proceedings of the British Academy: Themed volumes of essays in the humanities and social sciences, Iml. 192), lch. 363.

[45] Is léir sin ó nóta Taighde 25/002, arna dhréachtú ag Stiúrthóireacht Taighde agus Doiciméadacht ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i mí Eanáir 2025. Cumhdaíodh córais dlí 13 Bhallstát leis an taighde sin.

[46] Ag an éisteacht, mhínigh Rialtas na Fraince nach sanntar luach daingean do chorp an duine tar éis bháis le Cód Sibhialta na Fraince ná le cásdlí Conseil constitutionnel (an Chomhairle Bhunreachtúil). Tá cásanna éagsúla ann, mar shampla imscrúdú coiriúil, a cheadaítear le dlí na Fraince, inar féidir dí-adhlacadh a dhéanamh go dleathach ar an tsampláil ghéiniteach iarbháis gan toiliú an duine lena mbaineann a fháil le linn a shaolré. Ciallaíonn sé sin, faoi dhlí na Fraince, gur féidir teorainn a chur leis an gceart go n-urramófaí corp an duine, agus leis an gceart chun toiliú le samplaí a thógáil le haghaidh méarlorgaireacht ghéiniteach chun críoch dlisteanach.

[47] Mínithe a bhaineann leis an gCairt um Chearta Bunúsacha, (IO 2007C 303, 303, lch. 17) ('na Mínithe').

[48] Is é an toirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach, a ráthaítear le hAirteagal 4 den Chairt, an t-aon léiriú iomlán ar dhínit an duine, a chosnaítear go sainráite leis an gCairt. Féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Aibreán 2016, *Aranyosi agus Căldăraru* (C-404/15 agus C-659/15 PPU, EU:C:2016:198, mír 85); an 19 Márta 2019, *Jawo* (C-163/17, EU:C:2019:218, mír 78); agus an 17 Deireadh Fómhair 2024, Ararat (C-156/23, EU:C:2024:892, mír 36).

[49] I ndáil leis sin, féach mo Thuairim in *an Coimisiún* v. *an Ungáir (Luachanna an Aontais)* (C-769/22, EU:C:2025:408, míreanna 134 go 137).

de shubstaint na gceart eile a leagtar síos sa Chairt agus nach mór, dá bhrí sin, í a urramú, fiú nuair a chuirtear srian ar na cearta eile sin. Is é sin an chaoi ar féidir cineál daingean an chirt chun dínit an duine in Airteagal 1 den Chairt a thuiscint. [50]

100. I mbeagán focal, agus gan aon uaillmhian teoiric chuimsitheach a fhorbairt faoi dhínit an duine i ndlí an Aontais, dar liom, is féidir dínit an duine a thuiscint mar choincheap ina bhfuil dhá chuid. Ar thaobh amháin, tá croílár dhínit an duine a bhfuil cosaint dhaingean aige. Ar an taobh eile, tá 'limistéar forimeallach ann ina ndéantar dínit an duine a scaipeadh', inar féidir í a chothromú le cearta contrártha eile. [51]

101. Cé is moite de na léirithe ar dhínit an duine a chosnaítear go sainráite leis an gCairt, d'fhéadfadh léirithe eile ar dhínit an duine a bheith ann. Sa chiall sin, is féidir an ceart go n-urramófaí corp an duine tar éis an bháis eascairt as an gceart go n-urramófaí dínit an duine. D'fhéadfaí an ceart sin a thuiscint freisin mar léiriú ar an gceart chun príobháideachais, a áirithítear in Airteagal 7 den Chairt.

102. Ní raibh an deis ag an gCúirt fós a chinneadh an ann do cheart den sórt sin mar cheart bunúsach ar leibhéal dhlí príomha an Aontais. Mar sin féin, in Memoria agus Dall'Antonia, mheas an Chúirt go bhféadfadh an cuspóir maidir leis an urraim atá dlite do chuimhne an duine éagtha a chosaint a bheith ina chúis sháraitheach ar mhaithe le leas an phobail. [52] Ina Thuairim sa chás sin, bhí an tAbhcóide Ginearálta Sánchez-Bordona den tuairim go bhféadfadh teilgean iomchuí agus inchosanta de réir dlí a bheith ag an duine éagtha tar éis a bháis. [53]

103. Is cabhair thábhachtach í an anailís chomparáideach ar chórais bhunreachtúla na mBallstát chun inneachar chearta bunúsacha an Aontais a chinneadh. [54]

104. I ndáil leis sin, léiríodh sa Nóta Taighde a dhréachtaigh Stiúrthóireacht na Cúirte um Thaighde agus um Dhoiciméadacht [55] go n-aithníonn na Ballstáit uile a chuimsítear sa taighde gur cheart urraim a thabhairt do chorp an duine tar éis bháis, cé nach gá go dtuigfí gur ceart bunúsach é an t-ábhar imní sin. I mbeart cothromaithe, cuirtear cearta an duine éagtha san áireamh, ach is cosúil go meastar go forleathan gurb é ceart an duine a bheith ar an eolas faoi bhunús an duine an ceart atá i réim. [56]

105. Ar bhonn na hanailíse comparáidí sin, tagaim ar an gconclúid go bhfuil an ceart go n-urramófaí corp daonna tar éis an bháis mar phrionsabal ginearálta de dhlí an Aontais, ar féidir é a fhorbairt mar léiriú ar dhínit an duine. Ba cheart, dá bhrí sin, ábhar imní den sórt sin a chur san

[50] Féach ina leith sin, Dupré, C., 'Article 1 – Human dignity', in Peers, S., et al., *The EU Charter of Fundamental Rights – A Commentary*, an dara heagrán, Bloomsbury, 2021, lch. 18. Deir an t-údar a leanas: 'tá sé níos cabhraí tuiscint a fháil ar dhosháraitheacht na dínite mar thiomantas an Aontais gach rud is féidir a dhéanamh chun sárú dhínit an duine a sheachaint. Ar an gcaoi sin, is é dosháraitheacht na dínite bunchloch an Aontais ina iomláine, ag teacht le "cearta doshannta agus doshéanta an Duine" i nDearbhú 1789 na Fraince maidir le Cearta an Duine agus an tSaoránaigh.'

[51] Féach, i ndáil leis sin, Heselhaus, S., Hemsley, R., 'Human Dignity and the European Convention on Human Rights'.in Becchi, P. and Mathis, K. (eag.), *Handbook of Human Dignity in Europe*, Springer, 2019, lch. 987.

[52] Breithiúnas an 14 Samhain 2018, *Memoria agus Dall'Antonia* (C-342/17, EU:C:2018:906, mír 57).

[53] An Tuairim in Memoria agus Dall'Antonia (C-342/17, EU:C:2018:479, fonóta 44).

[54] Lenaerts, K., Gutmann, K., 'The comparative law method and the European Court of Justice: Echoes across the Atlantic' *The American Journal of Comparative Law*, Imleabhar 64, Eagrán 4, 2016, Nollaig 841, lgh. 864.

[55] Féach nóta Taighde 25/002, arna tharraingt suas ag Stiúrthóireacht Taighde agus Doiciméadúcháin Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i mí Eanáir 2025.

[56] Seachas Poblacht na Fraince, eisceacht eile í Poblacht na Cipire, b'fhéidir.

áireamh agus cinneadh á dhéanamh an gceadófar dí-adhlacadh coirp chun críche an ceart a bheith ar an eolas faoi bhunús an duine a shásamh, ceart a chosnaítear mar chuid den cheart chun saoil phríobháidigh faoi Airteagal 7 den Chairt.

3. Cothromaíocht a bhaint amach idir an ceart ar fhaisnéis i leith bunús an duine agus an ceart go n-urramófaí corp an duine

106. Is í an tsaincheist a ardaíodh leis an dara ceist a tharchuir an chúirt náisiúnta an gceadaítear le cothromaíocht an dá cheart sin faoin gCairt léiriú a dhéanamh ar Rialachán 2020/1783, ar dá réir is féidir sampláil ghéiniteach ar chorp an duine tar éis an dí-adhlactha a éileamh mar fhianaise atá le glacadh i gcomhar breithiúnach trasteorann chun críocha nós imeachta chun atharthacht a bhunú.

107. Fiú más rud é, in *Jäggi* v. *an Eilvéis*[57] agus *Pascaud* v. *an Fhrainc*[58] araon, gur chinn ECtHR i bhfabhar an chirt ar fhaisnéis i leith bunús an duine, ní chiallaíonn sé sin go mbíonn forlámhas i gcónaí ag an gceart sin ar an gceart go n-urramófaí corp an duine tar éis an bháis. Ní mór beart cothromaithe a dhéanamh trí imthosca gach cáis ar leith a chur san áireamh agus na leasanna uile lena mbaineann a mheas go cúramach.[59]

108. Ní thugann aon ní le fios go gcuirtear cosc leis an gCairt ar an gcothromaíocht a bhain cúirt na hIodáile amach faoi dhlí na hIodáile sa chás seo. Is cosúil gur chuir an chúirt sin féidearthachtaí eile san áireamh chun atharthacht a bhunú, agus d'iarr sí go ndéanfaí dí-adhlacadh agus sampláil ghéiniteach ar an athair líomhnaithe mar rogha dheireanach amháin.

109. Cé go bhféadfadh an breitheamh Francach, nó breitheamh d'aon Stát eile, faoi threoir a dhlí náisiúnta féin, teacht ar réiteach difriúil, ní bheadh tionchar aige sin ar an gconclúid gur cosúil go bhfuil an chothromaíocht a bhain an breitheamh Iodálach amach inghlactha ó thaobh na Cairte de.

110. Mhínigh an Chúirt cheana féin go bhféadfadh tuiscintí éagsúla a bheith ag na Ballstáit ar dhínit an duine, nó, go deimhin, ar chearta eile atá sa Chairt, ar choinníoll go n-urramaíonn siad bunbhrí na gceart sin.[60] Fad nach mbeidh aon chomhchuibhiú ann ar shaincheisteanna áirithe ar leibhéal an Aontais, a roghnaíonn reachtóir an Aontais an chothromaíocht chuí ina leith, d'fhéadfadh na réitigh arna nglacadh ag Ballstáit éagsúla a bheith éagsúil.[61]

111. Níor ghlac reachtas an Aontais (go fóill) comhrialacha lena rialaítear fianaise cheadaithe in imeachtaí sibhialta, nó, ar bhonn níos nithiúla, rialacha comhchoiteanna lena rialaítear na nósanna imeachta chun atharthacht a chruthú i gcásanna ina bhfuil tuismitheoir éagtha.

[57] ECtHR, an 13 Iúil 2006, *Jäggi* v. *an Eilvéis* (CE:ECHR:2006:0713JUD005875700, míreanna 43 agus 44).

[58] ECtHR, Breithiúnas an 16 Meitheamh 2011, *Pascaud* v. *an Fhrainc* (CE:ECHR:2011:0616JUD001953508, mír 68).

[59] Féach ECtHR, an 13 Iúil 2006, *Jäggi* v. *an Eilvéis* (CE:ECHR:2006:0713JUD005875700, mír 38 agus 39), agus ECtHR, Breithiúnas an 16 Meitheamh 2011, *Pascaud* v. *an Fhrainc* (CE:ECHR:2011:0616JUD001953508, míreanna 59 agus 60).

[60] Is é *Omega* an cás is cáiliúla ina leith sin, inar ghlac an Chúirt mar údar leis an srian ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar cuspóir beartais phoiblí sa Ghearmáin bunaithe ar chosaint dhínit an duine a thuigtear ar bhealach éagsúil sa Stát sin leis an gcoincheap sin a measadh sa chás céanna i mBallstáit eile. Léiríodh coincheap bunreachtúil na Gearmáine maidir le dínit an duine mar thoirmeasc ar shaothrú tráchtála cluichí lena mbaineann marú ionsamhlaithe daoine, rud nárbh amhlaidh i mBallstáit eile (breithiúnas an 14 Deireadh Fómhair 2004, *Omega* (C-36/02, EU:C:2004:614).

[61] Mar sin féin, má chomhchuibhíonn reachtas an Aontais saincheist ar leibhéal an Aontais, ní fhéadfadh na Ballstáit an caighdeán cosanta do chearta bunúsacha a ráthaítear lena mbunreachtanna a chur i bhfeidhm fiú nuair atá an caighdeán sin níos airde ná an caighdeán a roghnaigh reachtas an Aontais, toisc go mbainfeadh sé sin an bonn de phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais. Féach, breithiúnas an 26 Feabhra 2013, *Melloni* (C-399/11, EU:C:2013:107, míreanna 56 go 58).

D'fhéadfadh difríocht a bheith idir réitigh na hIodáile agus na Fraince ina leith sin, agus féadfar iad a chur i bhfeidhm fad is nach sáraítear, leis an gcothromaíocht a roghnaíodh, bunbhrí ceann de na cearta a chuirtear ar an gcothromaíocht sin.

112. Ar bhonn an mhéid sin roimhe seo, molaim go bhfreagródh an Chúirt an dara ceist trína lua nach dtoirmisctear leis an gCairt ar chúirt de chuid Ballstáit a iarraidh, faoi Rialachán 2020/1783, go nglacfaí fianaise trí shampláil ghéiniteach iarbháis fiú murar thoiligh an duine éagtha leis an tsampláil sin le linn a shaoil.

V. Conclúid

113. Molaim go bhfreagródh an Chúirt na ceisteanna a tharchuir an tribunal judiciaire de Chambéry (Cúirt Chambéry, an Fhrainc) le haghaidh réamhrialú mar a leanas:

(1) Maidir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2020/1783 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát le linn fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó thráchtála (fianaise a ghlacadh)

ní cheadaítear leis do chúirt náisiúnta iarrtha diúltú iarraidh ar fhianaise a ghlacadh a fhorghníomhú ar an bhforas go bhfuil an nós imeachta a shonraítear san iarraidh contrártha do phrionsabail bhunúsacha dhlí náisiúnta an Stáit iarrtha.

(2) Maidir leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

Ní chuirtear toirmeasc léi ar chúirt Ballstáit a iarraidh, faoi Rialachán 2020/1783, go nglacfaí fianaise trí shampláil ghéiniteach iarbháis fiú murar thoiligh an duine éagtha leis an tsampláil sin le linn a shaoil.